C/2025/6053

7.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12183 — BLACKSTONE / AMTRUST / MGA BUSINESS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6053)

1. An 22 Deireadh Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Blackstone Inc. ('Blackstone', na Stáit Aontaithe),

— AmTrust International Limited ('AmTrust', na Stáit Aontaithe),

— AmTrust's Managing General Agent and fee business ('MGA business', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú AmTrust, (na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Blackstone agus AmTrust rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar MGA business.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir domhanda sócmhainní malartacha é Blackstone,

— Is iompróir ilnáisiúnta árachais maoine agus taismeach é AmTrust a dhéanann speisialtóireacht i gcumhdach do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide agus a bhfuil a cheanncheathrú i gCathair Nua-Eabhrac. Déanann AmTrust táirgí árachais maoine agus taismeach a fhrithghealladh agus a chur ar fáil sna Stáit Aontaithe agus go hidirnáisiúnta.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais MGA business:

Soláthraíonn MGA business seirbhísí frithgheallta, dáileacháin, bainistithe éileamh agus seirbhísí coimhdeacha eile sa mhargadh le haghaidh línte árachais speisialtachta, lena n-áirítear cibearchosaint, stiúrthóirí agus oifigigh, timpistí agus sláinte, agus cosaint íocaíochta san Aontas, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12183 — BLACKSTONE / AMTRUST / MGA BUSINESS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË